

An Timpeallacht Gheilleagrach

I gcomhthéacs idirnáisiúnta níos éiginnte, tá comharthaí ann go bhfuil an geilleagar intíre ag feidhmiú go téagartha i gcónaí. Tá sé deacair ag an bpointe seo a mheas cén tionchar a bheidh ag an tsuaiteacht a tharla le déanaí sna margaí airgeadais ar an ngeilleagar idirnáisiúnta agus intíre. Go háirithe, níl sé iomlán soiléir fós a mhéid a d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar fhás phríomhphairtnéirí trádála na hÉireann. Má ghactar leis go mbeidh an tionchar seo diúltach ach srianta, is cosúil go mbeidh fás OTN i mbliana i gcónaí thart ar $4\frac{3}{4}$ faoin gcéad, ag féachaint don tús laidir a bhí ann i mbliana. Táthar ag tuar go leanfar é seo le fás a bheidh rud beag níos ísle an bhliain seo chugainn, b'fhéidir thart ar $3\frac{1}{4}$ faoin gcéad, ag léiriú thar aon ní eile go bhfuil fás an éilimh intíre níos moille. Is cosúil go dtiocfaidh laghdú i mbrúnna boilscitheacha in éineacht leis agus go mbeidh ardú teoranta éigin sa dífhóstaíocht.

Tríd is tríd, tá an scéal maidir le fás eacnamaíoch sásúil i gcoitinne sa timpeallacht idirnáisiúnta atá éiginnte faoi láthair i ndiaidh tréimhse ina raibh an fás ard. Ar an taobh dearfach den scéal, tá na toscaí bunúsacha – riocht buiséadach maith, fás eacnamaíoch láidir, geilleagar inoiriúnaithe – i gcónaí fóna. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh coigeartú suntasach sna rátaí malairte, praghsanna arda ola nó moilliú níos tapúla i ngeilleagar SAM dul i gcion ar an dtimpeallacht sheachtrach. Sa bhaile, tá earnáil na tithíochta ag coigeartú ón bhfeidhmiú an-láidir a bhí ann le blianta beaga anuas go dtí leibhéal gníomhaíochta níos inbhuanaithe.

Tá na hionchais don timpeallacht sheachtrach i gcónaí dearfach a bheag nó a mhór cé nach bhfuil amhras ar bith ann ach go bhfuil méadú tagtha ar leibhéal na héiginnteachta a d'eascair ó fhorbairtí sna margaí airgeadais. D'fhéadfadh an tsuaiteacht i gcúrsaí airgeadais agus na brúnna ar leachtacht a chonacthas le deireanas dul i gcion ar an timpeallacht gheilleagrach idirnáisiúnta tríd an éifeacht ar mhuintín agus an seans go mbeadh níos lú creidmheasa ar fáil do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Tugann na measúnuithe is déanaí arna eisiúint ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus, i gcás na hEorpa, ag Coimisiún an AE le tuiscint go bhféadfadh an fás sna geilleagair tionsclaithe bheith rud beag níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe seo, cé go mbeidh sé i gcónaí réasúnta láidir i gcomparáid leis an am atá thart. Ní bheidh tuiscint shoiléir againn go ceann tamaill, áfach, ar an tionchar iomlán a bheidh ag an tsuaiteacht a tharla le déanaí sna margaí airgeadais ar an bhfíorgheilleagar. Chomh fada agus nach dtagann athrú bunúsach ar na pleannanna caiteachais atá ag gnólachtaí agus teaghlaigh, b'fhéidir go mbeidh an tionchar ar an bhfíorgheilleagar srianta; tá gníomhartha lucht déanta beartas sna

príomhgheilleagair dírithe ar thoradh dá leithéid a bhaint amach. Mar sin féin, tá riosca ann i gcónaí go bhféadfadh forbairtí a tharla le déanaí dul i bhfeidhm ar an ngeilleagar intíre, mar shampla, mar thoradh ar an tionchar a bheadh ag fás níos moille i measc comhpháirtithe trádála na tíre seo. D'fhéadfadh sé seo a bheith an-tábhachtach, ós rud é go mbaineann an éiginnteacht is mó faoi láthair le méid an mhoillithe san fhás i ngeilleagar SAM, geilleagar lena bhfuil dlúthnaisc trádála agus infheistíochta díri coigríche ag Éirinn.

Tá geilleagar na hÉireann ag cur tús le tréimhse ina mbeidh ról níos lú mar fhórsa tiomána le himirt ag éileamh intíre, tomhaltas agus foirgníocht chónaitheach go háirithe. Tá fás láidir tagtha ar thomhaltas le blianta beaga anuas, 5.7 faoin gcéad sna trí bliana atá thart agus meastar gur 7 faoin gcéad a bheidh ann i mbliana, agus táthar ag súil le maolú éigin san dá bhliain atá le teacht. Ag an am chéanna, tar éis an arduithe i rátaí úis agus mar thoradh ar sholáthar láidir le blianta beaga anuas, tá an t-ascgur tithíochta imithe thar a bhuaicphointe, cé gur cosúil go bhfanfaidh sé réasúnta láidir i dtéarmaí absalóideacha i mbliana.

Tugann athchothromú fhoinsí an éilimh sa gheilleagar le tuiscint gur chóir go n-éireodh ról onnmhairí níos tábhachtaí dá réir. Tar éis fás cuíosach measartha, de 4.4 faoin gcéad ar an meán idir na blianta 2003 go 2006 go huile, tháinig borradh beag ar fheidhmiú thrádáil eachtrach na tíre go luath i mbliana. Léirigh sé seo tionchair éagsúla in earnálacha sonracha le feidhmiú níos láidre i earnáil leathan na gceimiceán go háirithe sa chéad ráithe. Tá comharthaí ann áfach, go raibh fás níos maothaithe ann in onnmhairí sa dara ráithe, ar a laghad chomh fada is a bhain le honnmhairí earraí. Ag an bpointe seo, is cosúil go mbeidh fás onnmhairí cuíosach dearfach i mbliana, ach i gcónaí beagáinín faoi bhun an fháis i margadh na n-onnmhairí, rud a thugann le tuiscint go mbeidh meathlú beag eile i sciar na tíre den trádáil domhanda. Beidh tábhacht faoi leith ag baint le fillleadh ar fheidhmiú níos láidre maidir le honnmhairí chun méaduithe i gcaighdeáin mhaireachtála a choimeád ar bun thar an meán téarma. Chuige sin caithfear táirgiúlacht a fheabhsú ar bhonn leanúnach, trí bheith ag cur le héifeachtacht na táirgeachta laistigh de ghnólachtaí aonair agus trí leanúint de bheith ag bogadh isteach i ngníomhaíochtaí le breis-luach níos airde agus maraon leis sin trí shrian a choinneáil ar bhrúnna boilscitheacha intíre. I dtaca leis seo, tá sé tábhachtach freisin go bhfanfaidh Éire ina láthair tharraingteach inar féidir infheistíocht in earnálacha na déantúsaíochta agus na seirbhísí trádáilte a lonnú.

Tá roinnt toscaí ann a chuidíonn chun timpeallacht a chruthú atá fabhrach d'infheistíocht agus d'fhás na fostaíochta. Príomhghné amháin is ea cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a choimeád ar bun agus tá ról tábhachtach le himirt ag beartas fioscach sa mhéid seo. D'fhéadfadh praghsanna arda ola agus gluaiseachtaí

suntasacha i rátaí malairte, b'fhéidir mar chuid de choigeartú neamhchothromaíochtaí domhanda, dul i bhfeidhm ar an dearcadh, mar a d'fhéadfadh luas an fháis i bpríomhpháirtithe trádála na tíre. Tá sé tábhachtach go gcinnteodh freagairtí na gcomhpáirtithe sóisialta intíre agus lucht déanta beartas go n-íoslaighdaítear na héifeachtaí codarsnacha atá ag toscaí dá leithéid agus go leanann fás eacnamaíoch ar aghaidh ag luas sásúil.

Faoi mar atá an scéal faoi láthair, tá sé thar a bheith tábhachtach maolán fioscach a choimeád ar bun chun a chinntiú go bhfuil an geilleagair i riocht maith chun dul i ngleic le forbairtí diúltacha poitéinsiúla. Ós rud é go bhfuil sé seo riachtanach agus gur fíor go bhfuiltear ag súil go moilleoidh an fás go leibhéil níos measartha an bhliain seo chugainn, tuigtear go gcaithfidh méaduithe i gcaiteachas reatha rialtais a bheith níos ísle ná mar a bhí san am atá díreach thart agus nár chóir go mbeadh caillteanais shuntasacha ioncaim ann mar thoradh ar choigeartaithe cánachais.

Barrachas de 1.1 faoin gcéad den OTI an sprioc a leagadh síos sa Cháinainnéis do Chomhardú an Rialtais Ghinearálta i 2007, i gcomparáid leis an mbarrachas de 2.9 faoin gcéad a bhí ann i 2006. Thar aon rud eile, áfach, tharla sé seo toisc gur cailleadh an rud ar a dtugtar gnóthacháin 'amhantair' ó fheidhmiú an mhargaidh réadmhaoine a bhí tréan thar an gnáth, seachas mar gheall ar mhaolú struchtúrach ar an mbeartas fioscach. Siúd is nach bhfuil an toradh beacht don bhliain iomlán lán soiléir fós, léirigh na treochtaí ioncaim don bhliain go dáta pátrún na bhforbairtí eacnamaíocha ina bhfuil CBL agus Dleachtanna Stampála níos laige ná a bpróifíl mar thoradh ar an moilliú sa mhargadh réadmhaoine fhaid is atá cáin ioncaim agus cáin chorparáide i gcónaí láidir. Dealraíonn sé go léiríonn buacacht na cánach ioncaim feidhmiú tréan leanúnach mhargaidh an tsaothair.

Bheadh sé inmhianaithe iarracht a dhéanamh chun barrachas sa Chomhardú Rialtais Ginearálta a bhaint amach arís an bhliain seo chugainn. Cinnteodh sé seo, sa chás go n-eascródh fás níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis as forbairtí diúltacha, go bhféadfadh an riocht fioscach dul in oiriúint dó seo agus nach mbeadh gá láithreach le bearta ceartaitheacha.

Feictear go soiléir gur fhan an boilsciú, arna thomhas ag an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí, an táscaire is cuí chun comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh, os cionn an mheáin i limistéar an euro le dhá bhliain anuas. Tháinig difreálach chun solais sa chuid deiridh de 2005 agus coimeádadh ar bun ó shin é. Táthar ag súil go gcuideoidh an maolú san éileamh intíre agus dá bharr sin san fhás foriomlán sa gheilleagar chun na brúnna boilscitheacha intíre a laghdú i 2008. Ba chóir

go dtiocfadh maolú éigin as sin go háirithe sa chomhpáirt sin den bhoilsciú a bhaineann le seirbhísí. Táthar ag súil go n-ardóidh an ICPT $2\frac{1}{4}$ faoin gcéad an bhliain seo chugainn i gcomparáid le $2\frac{3}{4}$ faoin gcéad i 2007 agus 2.7 faoin gcéad i 2006. Tugann sé seo le tuiscint go mbeidh boilsciú ICPT na hÉireann gar don mheán i limistéar an euro an bhliain seo chugainn. Cuirfí fáilte roimh fhorbairt dá leithéid mar d'oibrigh boilsciú a bhí ard i gcomparáid le comhpháirtithe trádála na tíre in éineacht le luachmhéadú sna rátaí malairte chun brú a chur ar staid iomaíochais na tíre arna thaifeadadh ag formhór na ngnáththomhas. Tugann fíor-Innéacs Comhchuibhithe Iomaíochais an Bhainc le tuiscint, mar shampla, go ndeachaidh iomaíochas in olcas de réir 3 faoin gcéad sa chéad ocht mí den bhliain seo i gcomparáid leis an tréimhse céanna i 2006. Mar gheall ar fhorbairtí dá leithéid tá sé níos deacra an t-athchothromú is gá san fhás a ghnóthú trí feidhmiú onnmhairithe níos láidre.

Chomh maith le seasamh fioscach cuí, tá réimse beartas eile ann a d'fhéadfadh cuidiú chun staid iomaíochais an gheilleagair a fheabhsú. Mar shampla, tá sé tábhachtach go leanfar ar aghaidh de bheith ag déanamh an oiread dul chun cinn is féidir maidir le haghaidh a thabhairt ar easnamh bonneagair na tíre. Tosaíocht eile atá againn ná chun leibhéal na hiomaíochta a mhéadú a thuilleadh sna hearnálacha sin den gheilleagar ina bhfuil sí i gcónaí teoranta, trí chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil na margaí le haghaidh soláthar earraí agus seirbhísí inchonspóide agus caithfidimid tús áite a thabhairt freisin do iarrachtaí chun caighdeán agus éifeachtacht na seirbhísí poiblí a fheabhsú. Brathann iomaíochas an gheilleagair ní hamháin ar éifeachtacht inmheánach ghnólachtaí atá ag dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta, ach freisin ar na costais indíreacha a théann i gcion ar iomaíochas na ngnólachtaí seo, mar shampla so-rochtaineacht na margaí, costais ionchur, idir chostais fhuinnimh agus seirbhísí gairmiúla, agus ualach nósanna imeachta riaracháin. Fáiltítear freisin roimh bheartais chun leibhéal scileanna an fhórsa saothair a fheabhsú agus chun timpeallacht a chruthú a chuideodh chun cur le leibhéal an taighde agus na forbartha a dhéantar sa geilleagar.

Tugann forbairtí san aschur cónaitheach agus praghsanna réadmhaoine i mbliana le tuiscint go bhfuiltear ag gluaiseacht i dtreo cor níos inbhuaine. Tá maolú éigin tagtha ar phraghsanna agus tá an soláthar de thithe nua ag coigeartú freisin chun freastal ar choinníollacha nua sa mhargadh. Tugann innéacs *permanenttsb* le tuiscint gur beag athrú a tháinig ar phraghsanna foriomlána tithe i dtéarmaí bliain-ar-bhliain in Iúil ach go raibh siad beagáinín níos mó ná 3 faoin gcéad níos ísle ná a mbuaicphoinnte in Eanáir. Is fiú tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil cíósanna ag ardú cuíosach tréan i gcónaí, de réir 12 faoin gcéad bliain-ar-bhliain dar leis na sonraí ICPT is déanaí le haghaidh Lúnasa. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an

bunéileamh le haghaidh tithíochta sa gheilleagar i gcónaí láidir, rud a léiríonn go bhfuil ioncam agus fostaíocht ag fás go leanúnach. Chomh maith leis sin, ba chóir go gcabhródh an feidhmiú sa chuid eile d'earnáil na foirgníochta chun tionchar an choigeartuithe in earnáil na tithíochta a mhaolú Taobh amuigh de earnáil na foirgníochta, leanann earnálacha eile de bheith ag feidhmiú go maith.

Faoi réir ag an maolú i bpraghsanna tithíochta agus aschur tithíochta nua, lean ráta fáis an chreidmheasa fhoriomláin sa gheilleagair de bheith ag moilliú ó níos mó ná 30 faoin gcéad i Meitheamh na bliana seo caite go dtí beagáinín os cionn 20 faoin gcéad in Iúil na bliana seo. Táthar ag súil le tuilleadh maoluithe i bhfás creidmheasa ar feadh a bhfuil fágtha den bhliain seo agus anonn sa bhliain atá le teacht. Tá méadú substainteach tagtha ar an gcóimheas idir chreidmheas na hearnála príobháidí agus OTN in Éirinn le blianta beaga anuas, rud a léiríonn leibhéal na gníomhaíochta geilleagraí i gcoitinne agus go háirithe, an t-éileamh méadaithe ar thithíocht agus ghníomhaíocht infheistíochta. De bhrí go bhfuil cóimheas ard idir chreidmheas agus ioncam náisiúnta ag Éirinn anois de réir caighdeán idirnáisiúnta táthar ag súil go mbeidh an t-athrú sa chóimheas cuíosach beag sna blianta atá le teacht.